Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/3125

13.12.2024

# CINNEADH (AE) 2024/3125 ÓN gCOMHAIRLE

## an 5 Nollaig 2024

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach agus Poblacht na Tuirce maidir le trádáil i dtáirgí a chumhdaítear leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, a mhéid a bhaineann le leasú ar an gComhaontú sin trí Phrótacal 1 a ghabhann leis, a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin, a ionadú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach agus Poblacht na Tuirce maidir le trádáil i dtáirgí a chumhdaítear leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach ('an Comhaontú'), rinne an tAontas é a thabhairt i gcrích trí bhíthin Chinneadh 96/528/CEGC ón gCoimisiún ([1]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Lúnasa 1996.

(2) Le Prótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú sin ('Prótacal 1'), sainmhínítear an coincheap 'táirgí tionscnaimh' agus leagtar síos modhanna comhair riaracháin. De bhun Airteagal 39 den Phrótacal, féadfaidh an Comhchoiste arna bhunú le hAirteagal 14(1) den Chomhaontú ('an Comhchoiste') a chinneadh forálacha Phrótacal 1a leasú.

(3) Ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aige, tá an Comhchoiste le cinneadh a dhéanamh lena leasaítear an Comhaontú trí Phrótacal 1 a ionadú.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú, ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ag an gcinneadh ón gComhchoiste.

(5) Rinne an tAontas an Coinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara ('an Coinbhinsiún') a thabhairt i gcrích le Cinneadh 2013/94/AE ón gComhairle ([2]) agus tháinig sé i bhfeidhm i ndáil leis an Aontas an 1 Bealtaine 2012. Leagtar síos leis forálacha maidir le tionscnamh earraí a thrádáiltear faoi na comhaontuithe saorthrádála déthaobhacha ábhartha arna dtabhairt i gcrích idir na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún, forálacha a mbeidh feidhm acu gan dochar do na prionsabail a leagtar síos sna comhaontuithe déthaobhacha sin.

(6) Leasaíodh an Coinbhinsiún le Cinneadh Uimh. 1/2023 ó Chomhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le Rialacha Tionscnaimh Fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara ([3]) ('an leasú ar an gCoinbhinsiún').

(7) Tiocfaidh an leasú ar an gCoinbhinsiún i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025 i ndáil le gach Páirtí Conarthach.

(8) Foráiltear le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún go ndéanfaidh gach Páirtí Conarthach bearta iomchuí chun a áirithiú go gcuirfear an Coinbhinsiún i bhfeidhm go héifeachtach. Chuige sin, tá an Comhchoiste le cinneadh a dhéanamh lena gcuirtear prótacal nua lena n-áirítear tagairt dhinimiciúil don Choinbhinsiún in ionad Phrótacal 1, ionas go mbeidh tagairt ann i gcónaí don leagan is déanaí den Choinbhinsiún atá i bhfeidhm. In éagmais na tagartha sin, ní áiritheofaí cur i bhfeidhm éifeachtach an leasaithe ar an gCoinbhinsiún, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chóras an charntha thrasnánaigh faoin gCoinbhinsiún.

([1]) Cinneadh 96/528/CEGC ón gCoimisiún an 29 Feabhra 1996 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach agus Poblacht na Tuirce maidir le trádáil i dtáirgí a chumhdaítear leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach (IO L 227, 7.9.1996, lch. 1).

([2]) Cinneadh 2013/94/AE ón gComhairle an 26 Márta 2012 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (IO L 54, 26.2.2013, lch. 3).

([3]) Cinneadh Uimh. 1/2023 ó Chomhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara an 7 Nollaig 2023 maidir leis an leasú ar an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara [2024/390] (IO L, 2024/390, 19.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/390/oj).

(9) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais sa Chomhchoiste a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach agus Poblacht na Tuirce maidir le trádáil i dtáirgí a chumhdaítear leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach ('an Comhaontú'), ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aige, a mhéid a bhaineann le leasú ar an gComhaontú sin trí Phrótacal 1 a ionadú, lena n-áirítear tagairt dhinimiciúil don Choinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha agus rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Nollaig 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

NAGY B.

*DRÉACHT*

**CINNEADH Uimh. … ÓN gCOMHCHOISTE IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN TUIRC**

**an …**

**lena leasaítear an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach agus Poblacht na Tuirce maidir le trádáil i dtáirgí a chumhdaítear leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, trí Phrótacal 1, a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin, a ionadú**

TÁ AN COMHCHOISTE IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN TUIRC,

Ag féachaint don Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach agus Poblacht na Tuirce maidir le trádáil i dtáirgí a chumhdaítear leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach ([1]), agus go háirithe Airteagal 39 de Phrótacal 1 a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 6(2) den Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach agus Poblacht na Tuirce maidir le trádáil i dtáirgí a chumhdaítear leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach ('an Comhaontú'), tagraítear do Phrótacal 1 den Chomhaontú ('an bunleagan de Phrótacal 1') lena leagtar síos na rialacha tionscnaimh.

(2) Cuireadh prótacal nua in ionad an bhunleagain de Phrótacal 1 le Cinneadh Uimh. 1/2009 ón gComhchoiste a bunaíodh faoin gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach agus Poblacht na Tuirce maidir le trádáil i dtáirgí a chumhdaítear leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach ([2]) ('Prótacal 1').

(3) Foráiltear le hAirteagal 39 de Phrótacal 1 go bhféadfaidh an Comhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 14 den Chomhaontú ('an Comhchoiste') a chinneadh forálacha Phrótacal 1 a leasú.

(4) Is é is aidhm don Choinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara ([3]) ('an Coinbhinsiún') na córais dhéthaobhacha um rialacha tionscnaimh atá ann cheana agus a bunaíodh le comhaontuithe saorthrádála déthaobhacha a tugadh i gcrích idir Páirtithe Conarthacha an Choinbhinsiúin, a thrasuí ionas go mbeidh na córais sin faoi chuimsiú creat iltaobhach, gan dochar do na prionsabail a leagtar síos sna comhaontuithe déthaobhacha sin.

(5) Shínigh an tAontas agus Poblacht na Tuirce ('an Tuirc') an Coinbhinsiún an 15 Meitheamh 2011 agus an 4 Samhain 2011, faoi seach.

(6) Rinne an tAontas agus an Tuirc a n-ionstraimí glactha a thaisceadh le taiscí an Choinbhinsiúin an 26 Márta 2012 agus an 4 Nollaig 2013, faoi seach. Dá bhrí sin, agus i gcomhréir le hAirteagal 10(3) den Choinbhinsiún, tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm i ndáil leis an Aontas agus an Tuirc an 1 Bealtaine 2012 agus an 1 Feabhra 2014, faoi seach.

(7) Leasaíodh an Coinbhinsiún le Cinneadh Uimh. 1/2023 ó Chomhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le Rialacha Tionscnaimh Fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara an ([4]).

(8) Dá bhrí sin, ba cheart prótacal nua lena n-áirítear tagairt dhinimiciúil don Choinbhinsiún a chur in ionad Phrótacal 1, ionas go mbeidh tagairt ann i gcónaí don leagan is déanaí den Choinbhinsiún atá i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

([1]) IO CE L 227, 7.9.1996, lch. 3.

([2]) Cinneadh Uimh. 1/2009 ón gComhchoiste a bunaíodh faoin gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach agus Poblacht na Tuirce maidir le trádáil i dtáirgí a chumhdaítear leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach an 24 Feabhra 2009 lena leasaítear Prótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú (IO AE L 143, 6.6.2009, lch. 1).

([3]) IO AE L 54, 26.2.2013, lch. 4.

([4]) Cinneadh Uimh. 1/2023 ó Chomhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara an 7 Nollaig 2023 maidir leis an leasú ar an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (IO AE L, 2024/390, 19.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/390/oj).

*Airteagal 1*

Déantar an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a chur in ionad Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach agus Poblacht na Tuirce maidir le trádáil i dtáirgí a chumhdaítear leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón gcéad lá den chéad mhí tar éis an dáta a gheofar an ceann deireanach de na fógraí i scríbhinn trí bhealaí taidhleoireachta, lena gcuirfidh na Páirtithe in iúl dá chéile go bhfuil a nósanna imeachta inmheánacha curtha i gcrích acu.

Arna dhéanamh i/in/sa/san …, …

*Thar ceann an Chomhchoiste*

*An Cathaoirleach*

*IARSCRÍBHINN*

'PRÓTACAL 1

A BHAINEANN LE SAINMHÍNIÚ AN CHOINCHEAPA "TÁIRGÍ TIONSCNAIMH" AGUS LE MODHANNA COMHAIR RIARACHÁIN

*Airteagal 1*

**Rialacha tionscnaimh**

1. Chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme, beidh feidhm ag Foscríbhinn I agus ag na forálacha ábhartha d'Fhoscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara ([1]) ("an Coinbhinsiún"), arna leasú go deireanach agus arna bhfoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Gach tagairt don "chomhaontú ábhartha" i bhFoscríbhinn I agus sna forálacha ábhartha d'Fhoscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, déanfar iad sin a fhorléiriú mar thagairtí don Chomhaontú seo.

*Airteagal 2*

**Réiteach díospóidí**

1. I gcásanna ina n-éireoidh díospóidí i ndáil leis na nósanna imeachta fíorúcháin a leagtar amach in Airteagail 34 agus 35 d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, ar díospóidí iad nach féidir a réiteach idir na húdaráis chustaim a iarrann an fíorú agus na húdaráis chustaim atá freagrach as an bhfíorú sin a chur i gcrích, cuirfear faoi bhráid an Chomhchoiste iad.

2. I ngach cás, i dtaca le díospóidí idir an t-allmhaireoir agus údaráis chustaim na tíre allmhairiúcháin a réiteach, is faoi reachtaíocht na tíre sin a réiteofar na díospóidí sin.

*Airteagal 3*

**Leasuithe ar an bPrótacal**

Féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh forálacha an Phrótacail seo a leasú.

*Airteagal 4*

**Tarraingt siar ón gCoinbhinsiún**

1. I gcás ina dtabharfaidh an Comhphobal Eorpach nó an Tuirc fógra i scríbhinn do thaiscí an Choinbhinsiúin go bhfuil sé beartaithe acu tarraingt siar as an gCoinbhinsiún i gcomhréir le hAirteagal 9 de, cuirfidh an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc tús láithreach lena gcuid nósanna imeachta féin chun dul i mbun caibidlíochta maidir le rialacha tionscnaimh chun an Comhaontú a chur chun feidhme.

2. Go dtí go dtiocfaidh na rialacha tionscnaimh sin a d'aontófaí as an nua i bhfeidhm, na rialacha a áirítear i bhFoscríbhinn I agus, i gcás inarb iomchuí, na forálacha ábhartha d'Fhoscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, ar rialacha agus forálacha iad is infheidhme tráth na tarraingthe siar, leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu maidir leis an gComhaontú. Mar sin féin, ó thráth na tarraingthe siar, déanfar na rialacha tionscnaimh i bhFoscríbhinn I agus, i gcás inarb iomchuí, na forálacha ábhartha d'Fhoscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a fhorléiriú sa chaoi nach gceadófar an carnadh déthaobhach ach amháin idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc.'

([1]) IO AE L 54, 26.2.2013, lch. 4.